

Ciste an Gheilleagair Chiorclaigh

Cad é Ciste an Gheilleagar Chiorclaigh?

Is éard atá i gceist le Ciste an Gheilleagair Chiorclaigh tacú le pobail aistriú ón múnla líneach traidisiúnta 'tógáil-déan-úsáid-diúscair' i dtreo 'geilleagar ciorclach' ina ndéantar acmhainní a athúsáid nó a athchúrsáil oiread agus is féidir, agus ina ndéantar giniúint dramhaíola a íoslaghdú.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

I measc na n-iarratasóirí incháilithe i limistéar Riaracháin Chomhairle Contae Chorcaí tá:

- Scoileanna
- Grúpaí Pobail agus Clubanna Spóirt
- Féilte agus Imeachtaí

I measc na n-iarratasóirí neamh-incháilithe tá:

- Comhlachtaí tráchtála, le brabús

Cad é téama chiste 2025?

Tá fócas chiste 2025 ar Phlaistigh Aonúsáide a laghdú i bpobail. Ní dhéanfar measúnú ach ar iarratais ón téama seo.

Iarraimid ar iarratais ó na heagraíochtaí thuas ar mian leo Plaistigh Aonúsáide a laghdú ina bpobail e.g. scéimeanna cupáin ath-inúsáidte, scéimeanna coimeádán ath-inúsáidte, suiteáil buanstáisiúin athlionsa uisce, soláthar stáisiúin uisce sealadacha ag imeachtaí etc.

Cuireann an ciste seo leis an rannpháirtíocht rathúil idir Comhairle Contae Chorcaí agus grúpaí pobail inar cuireadh 40+ stáisiún athlionsa uisce isteach i scoileanna agus i bhfoirgnimh phobail agus inar suiteáladh stáisiúin hidráitithe shoghluaiste ar bhonn píolótach ag imeachtaí ar fud an chontae.

I measc na dtionscadal nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú tá:

- Stáisiúin athlionsa uisce a shuiteáil ar thalamh faoi úinéireacht phoiblí
- Stáisiúin athlionsa uisce atá nasctha le soláthar uisce nach gcomhlíonann an caighdeán rialála uisce óil.

Chun iarratas a dhéanamh?

Is féidir iarratais a dhéanamh ar líne amháin

https://www.yourcouncil.ie/en/service/Circular_Economy_Fund.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil aon chinnteacht ann go bhfaighfear maoiniú do thionscadail. Tá an ciste teoranta agus déanfar iarratais incháilithe a mheas ar bhonn iomaíoch. Glacfaidh Comhairle Contae Chorcaí cur chuige cothrom/cóir, agus dá bharr sin, d'fhéadfaí níos lú maoinithe a bhronnadh ar iarratasóirí rathúla ná mar a rinne siad iarratas air.

Ní mór luachan a lorg sula ndéantar iarratas ar an gciste agus ní mór iad a uaslódáil chuig an bhfoirm iarratais.

Seo an t-aon deis atá ag eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do thionscadail a bhaineann le laghdú ar Phlaisteacha Aonúsáide trí Oifig Feasachta Comhshaoil Chomhairle Contae Chorcaí. Ní ghlacfar le hiarratais lasmuigh den chiste seo.

Cad é an spriocdháta le haghaidh iarratas?

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas ná 5p.m. **Aoine, an 21 Feabhra 2025**. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha in imthosca ar bith.

Cad é an spriocdháta chun an tionscadal a chríochnú?

Íocfar an deontas i dtráthchuid amháin ar chríochnú an tionscadail agus cuirfear tuarascáil faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí lena n-áirítear fianaise ghrianghrafadóireachta ar an tionscadal críochnaithe agus cruthúnas íocaíochta.

Is iad seo a leanas na spriocdhátaí chun tuarascálacha a chur isteach:

- **Scoileanna / Grúpaí Pobail / Clubanna Spóirt** – 1 Deireadh Fómhair 2025
- **Imeachtaí / Féilte** - 30 lá tar éis dháta na féile

Cé leis ar féidir liom dul i dteagmháil faoi Chiste an Gheilleagar Chiorclaigh?

Is féidir ceistanna a chur chuig Oifig Feasachta Comhshaoil Chomhairle Contae Chorcaí ag cefund@corkcoco.ie nó ar 021 453 2700